


AG TACÚ LE SCOILEANNA

NÍ NEART GO CUR LE CHÉILE




- Gréasán tacaíochta don earnáil oideachais lán-Ghaeilge idir múinteoirí, tuismitheoirí, taighdeoirí, agus pobail uile na naíonraí agus na scoileanna lán-Ghaeilge.
- Líne chabhrach – 01 8535195 – ar oscailt don phobal ó 9-5 i rith na bliana ar fad.
- Comhairle neamhspleách agus neodrach ar cheisteanna a bhaineann le forbairt an tumoideachais, polasaithe agus cleachtais scoile, más cuí, nó trí comhairle a chur maidir le teagmhálaí iomchuí eile.
- Stocaireacht, abhcóideacht agus idirbheartaíocht le pobail agus pátrúin scoile, eagraíochtaí oideachais agus Gaeilge, forais Stáit nó eile, de réir mar is cuí.

AG OBAIR AS LÁMH A CHÉILE




- Áiseanna agus acmhainní; treoirleabhair, teimpléid, ábhar bolscaireachta agus eile.
- Cúnamh praiticiúil, bunaithe ar éileamh ónár mbaill agus de réir acmhainní foirne.
- Scéimeanna deontais dírithe ar gaoil a chruthú san earnáil oideachais lán-Ghaeilge, agus cur leis an soláthar le go mbeidh áit ann do gach páiste.

FIOS FEASA



- Forbairt ghairmiúil bunaithe ar riachtanais na hearnála; mór-thionól oiliúna bliantúil ar réimsí leathan ábhair, oiliúint ar bhonn réigiúnach agus ar bhonn scoileanna aonair, de réir éileamh.
- Suíomh www.irishforparents.ie le tacaíochtaí dóibh siúd atá ag múineadh ranganna Gaeilge do thuismitheoirí agus le háiseanna féin-teagaisc do na tuismitheoirí féin.
- Suíomh www.gaeilgedonnaionra.ie le tacaíochtaí dóibh siúd atá ag múineadh i suíomhanna luathbhlianta trí mheán na Gaeilge.
- Staitisticí maidir le méid agus comhdhéanamh na hearnála a bhailiú agus a phoibliú, d'fhonn feasacht a ardú ina leith agus tacaíochtaí níos fearr a éileamh di.
- Fóraim phlé, idir teacht-le-chéile ar bhonn réigiúnach agus fóraim ar líne.
- Deiseanna um fhorbairt ghairmiúil agus forbairt tuisceana ar shaincheisteanna na hearnála trí chéile trí ionadaíocht a bheith agat ar bhord stiúrtha na heagraíochta agus tionchar a imirt ar fhorbairt pholasaithe chun leasa na hearnála.

NOD DON EOLACH



- Suíomh idirlín uileghnó www.gaeloideachas.ie, le rannóga ar leith do mhúinteoirí, tuismitheoirí, taighdeoirí agus na meáin agus ar a fhoilsítear nuacht na hearnála agus fógraí poist.
- Nuachtlitreacha coicisiúla do naíonraí, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon.
- Láithreach gníomhach ar na meáin shóisialta, ag cur eolas luachmhar mar aon le luachanna na hearnála agus na heagraíochta chun cinn.